08 Eanáir 2020
Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

Baisc imleabhar ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní foilsithe

Tá 30 imleabhar nua as an bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní digitithe, innéacsaithe agus ar fáil ar dúchas.ie anois. Baineann an t-ábhar leis na 1930idí. Seo thíos liosta de na himleabhair, de na bailitheoirí agus de na háiteanna.

0213	P.T. Ó Riain, Márthain, Co. Chiarraí
0214	P.T. Ó Riain, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí
0215	P.T. Ó Riain, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí
0220	Domhnall de Buitléir agus Tomás Ó Ciardha, Co. Loch Garman agus Co. Chorcaí
0221	Seán de Buitléir, Co. Loch Garman
0259	Nioclás Breathnach, Co. Phort Láirge
0267	Tadhg Ó Murchadha, Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí
0268	Próinséas Ó Ceallaigh, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí
0269	Tadhg Ó Murchadha, Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí
0272	Seosamh Ó Dálaigh, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí
0273	Seosamh Ó Dálaigh, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí
0275	Nioclás Breathnach, An Rinn agus Dún Garbhán, Co. Phort Láirge
0277	Seán Ó hEochaidh, Pádhraig Bairéad agus Eoghan Ó Súilleabháin, Co. Mhaigh Eo
0278	Seán Ó Flannagáin agus Pádhraic S. Ó Maoldomhnaigh, Co. na Gaillimhe
0283	Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí
0284	Aodh Ó Domhnaill agus Aodh Ó Duibheannaigh, Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall
0285	Bailitheoirí éagsúla i gCorca Dhuibhne agus in Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí
0288	Pádraig Ó Miléadha, Sliabh gCua, Co. Phort Láirge agus Peadar Ó Niallagáin, Cinn Aird, Co. Chiarraí
0289	Pádraig Ó Miléadha, Co. Phort Láirge agus Aodh Ó Domhnaill, Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall
0293	Seán Ó Dubhda, Fionntrá, Co. Chiarraí
0300	Bríd Ní Ghamhnáin, Co. Mhaigh Eo agus Co. Shligigh agus Eoghan Ó Súilleabháin, Co. Chiarraí
0301	Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí
0304	Seosamh Ó Dálaigh, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí
0306	Bailitheoirí éagsúla i gCo. Chiarraí agus i gCo. Chorcaí
0307	Bailitheoirí éagsúla i gCo. Chiarraí agus i gCo. na Gaillimhe
0308	Tadhg Ó Murchadha, Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí
0309	Tadhg Ó Murchadha, Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí
0310	Seán Ó hEochaidh, Gleann Cholm Cille, Leitir Mhic an Bhaird agus Ard an Rátha, Co. Dhún na nGall
0311	Liam Mac Meanman, Inis Caoil agus Míobhaigh, Co. Dhún na nGall
0312	Liam Mac Coisdeala, Co. na Gaillimhe

Is féidir teacht ar an ábhar seo uile ag www.duchas.ie/ga/cbe.

Cnuasach Bhéaloideas Éireann National Folklore Collection
UCD DUBLIN
DCU
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
Le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta Supported by National Lottery
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

08 Eanáir 2020
Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

Nóta don eagarthóir:

Is é An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní an bailiúchán is déanaí atá á dhigitiú ag foireann dúchas.ie, agus ábhar as á fhoilsiú go ráithiúil. Is éard atá sa bhailiúchán seo 2,400 imleabhar ceangailte d'ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrian den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann. Teagmháil: eolas@duchas.ie